

Plandáil in Éirinn

Stór focal

Coilíneach – colonist
Ruaigeanna creiche – plundering raids
Réimeas – reign
Eachtránaí – adventurer
Gealltóir – undertaker
Tionóntaí – tenant
Thréig sé é – he deserted him
Feidhmeannach – official
Tubaisteach – disastrous
Seirbheoir – servitor

Sárú na rialacha – breaking the rules
Faoi choimirce – under the protection of
Cairt – charter
Cosantach – defensive
Líonmhar – numerous
Dearg-ghráin – bitter hatred
Rinneadh ár orthu – they were slaughtered
Droch-chlú – bad reputation

Spíonta – completely exhausted
Plá – plague

Ar an ghannchuid – in short supply/difficult circumstances
Áiteanna sceirdiúla – desolate places
Eisreachtaí – outlaw
Acht an tSocraithe – Act of Settlement
Ceannasaí – leader
Tiarnaí neamhchónaitheacha – absentee landlords
Úinéireacht – ownership
Géillsineach – subject

Fear Ionaid – Lord Deputy
Ceannairceach – rebel
Daingean – garrison
Thimpeallaigh siad – they surrounded
Ceardchuallacht – guild
Gaibhneoir óir – goldsmith
Míthrócaireach – unmerciful
Comhairle – council
Bardas – corporation
Cogadh cathartha – civil war

Plandáil in Éirinn

Bhí nós ag na Gaeil ionsaí a dhéanamh ar an Pháil agus eallach agus maoin eile a ghoid. Chuir siad isteach fosta ar lucht trádála agus ar lucht taistil agus iad ar a mbealach ó bhaile mór amháin go dtí ceann eile. In áit cúrsaí a fhágáil mar a bhí siad, rud a rinne na ríthe roimhe, bheartaigh Anraí go gcaithfí tabhairt faoi fhadhbanna na hÉireann a réiteach ón bhliain 1520 ar aghaidh. Thug oifigigh ríoga cuireadh go Baile Átha Cliath do thaoisigh Ghaelacha éagsúla agus thairg siad síocháin dóibh dá nglacfaidís le dlí Shasana. Thairg siad teidil Shasanacha, fiú, do chuid de na taoisigh Ghaelacha ba chumhachtaí. Ghlac cuid mhór acu leis an tairiscint agus ansin lean siad orthu amhail is nach raibh aon athrú ar an scéal.

Plandáil = modh nua chun Éire a rialú-an dream Gaelach a ruaigeadh as a gcuid tailte agus coilínigh dhílse ó Shasana a chur ina n-áit.

PLANDÁIL LAOISE –UÍBH FHAILÍ

Chuir taoisigh Ghaelacha, ar leo an ceantar ar a dtugaimid Laois agus Uíbh Fhailí sa lá inniu, isteach go mór ar na coilínigh Shasanacha sa Pháil. Bhí **eagla a gcroí ar na coilínigh roimh mhuintir Uí Chonchúir Uíbh Fhailí**, go speisialta. Ghabh siad sin Fear Ionaid an Rí sa bhliain 1528 agus choinnigh siad ina phríosúnach é. Sé bliana ina dhiaidh sin chuidigh muintir Uí Chonchúir agus taoisigh eile lár tíre le hIarlaí Chill Dara nuair a d'éirigh siad amach in éadan an rí.

Ghlac na Conchúraigh agus na taoisigh eile lár tíre le dlí Shasana ach sa bhliain 1546 d'fhill siad ar na sean-nósanna agus d'ionsaigh siad an Pháil. Chuir na hoifigigh ríoga ina luí ar Bhanríon nua Máire nach mbeadh síocháin ag muintir na Páile go dtí go gcuirfí an ruaig ar na Gaeil ar fad as Laois agus as Uíbh Fhailí agus gurbh fhéidir seo a dhéanamh ó tharla go raibh daingin (*garrisons*) nua a dtógáil.

Dhá chontae nua

Ar an ábhar gur gheall na Conchúraigh agus taoisigh eile lár tíre a bheith dílis do dhlíthe Shasana bhí siad ciontach in éirí amach agus ar an ábhar sin baineadh an chuid is mó dá dtailte díobh. **Tugadh dhá thríon de Laois is d'Uíbh Fhailí do dhaoine nua** a thiocthadh brath orthu a bheith dílis do dhlí Shasana agus fágadh iarthar an dá chontae ag na Gaeil. Bhí dhá chontae nua le cruthú ar an leagan amach Sasanach agus bhí oifigigh ríoga i gceannas orthu.

Tugadh Contae na Banríona ar Laois agus tugadh Maryborough ar an dún (Port Laoise) in ómós do Mháire; Contae an Rí a tugadh ar Uíbh Fhailí agus Philipstown ar an dún in ómós dá fear céile, Pilib II na Spáinne. Cuireadh tús leis an scéim seo sa bhliain 1556 ach ní raibh sé furasta na Gaeil ar fad a ruaigeadh.

Coilínigh Shasana

Caitlicigh ba ea bunús na nÉireannach i gcónaí agus dá bharr seo ní raibh muinín ag rialtas Shasana astu agus b'fhearr le rialtas Shasana coilínigh dhílse Phrotastúnacha ó Shasana a thabhairt isteach. Bhí ar na coilínigh nua seo ó Shasana tithe cloiche a thógáil agus lucht leanúna faoi arm a bheith acu chun iad féin a chosaint. Ní raibh cead acu aon chaidreamh a bheith acu leis na hÉireannaigh.

Níor éirigh le Plandáil Laoise-Uíbh Fhailí mar:

- Níor tháinig go leor coilíneach ó Shasana
- Bhíodh na Móraigh agus na Conchúraigh i gcónaí ag ionsaí na plandála.

PLANDÁIL NA MUMHAN

Nuair a fuair Máire Túdar bás corónaíodh a leasdeirfiúr Phrotastúnach, Eilís, ina Banríon ar Shasana. Chreid sise fosta sna plandálacha. Is i gCúige Mumhan a bunaíodh an phríomhphlandáil in Éirinn in aimsir na Banríona Eilís. De réir dhlí na nGael a mhair **Iarla Dheasumhan** (Earl of Desmond) agus a mhuintir agus ní raibh difear ar bith idir iad féin agus a gcomharsana Gaelacha, Suilleabháin agus Mac Cárthaigh

Chuala Iarla Dheasumhan fosta go raibh an bhanríon ag cur ina luí ar a cuid géillsineach cloí go hiomlán le dlí Shasana sa Mhumhan. Bheadh **uachtarán** i mbun an chúige agus arm ríoga aige chun dlí Shasana a chur i bhfeidhm. Thabharfaí ceannairceach (*rebel*) ar aon duine a dhéanfadh iarracht an tUachtarán a stopadh ina chuid oibre agus ansin thiocthadh ceannaircigh a chur chun báis.

Cuidiú ón Spáinn

B'fhéidir go gcuirfeadh Iarla Dheasumhan suas leis seo ach bhí mórán dá lucht leanúna nach raibh sásta glacadh leis na hathruithe, go speisialta a chol ceathrair, **Séamas Mac Muiris Mac Gearailt**. Shíl seisean gur cheist chreidimh a bhí ann agus d'iarr sé ar an Phápa saighdiúirí a chur ar fáil. Tháinig dhá ghrúpa saighdiúirí Spáinneacha go hÉirinn agus chuaigh an Fear Ionaid (*Lord Deputy*) féin go Ciarraí chun iad a cheansú. Bhuaigh a shaighdiúirí go furasta ar na Spáinnigh agus maraíodh Séamas Mac Muiris Mac Gearailt.

Bhí a lucht leanúna ag súil le hIarla Dheasumhan a bheith ina cheannaire orthu anois agus go dtroidfeadh sé chun a chuid tailte a choimeád agus chun an creideamh Caitliceach a chosaint. Ní raibh an tIarla ag iarraidh troid agus d'iarr sé cead cainte leis an Fhear Ionaid. **D'ordaigh an Fhear Ionaid dó géilleadh ar dtús.** Ní raibh sé sásta géilleadh. D'fhógair an Fhear Ionaid an tIarla ina cheannairceach (*outlaw*). Mar sin thiocthadh é a mharú in am ar bith agus thiocthadh leis an Bhanríon seilbh a ghlacadh ar a chuid tailte. Ní raibh an dara rogha ag an Iarla ansin ach dul i gceannas ar an 'éirí amach' in éadan na Sasanaigh.

An tÉirí Amach

Rinne an Fhear Ionaid gach iarracht na daoine a mharú le gorta. D'ionsaigh sé fosta na caisleáin a bhí ag Iarla Dheasumhan. Is beag troid eile a tharla mar nach ndearna an tIarla bocht aon iarracht arm ceart a eagrú. **Thréig a lucht tacaíochta é** agus rinne siad socruithe síochána dá gcuid féin leis an Fhear Ionaid. Bhí luach saothair le fáil ag an té a ghabhfadh an tIarla beo nó marbh. Bhí an tIarla ar a theitheadh. Thimpeallaigh grúpa fear áitiúil an bothán ina raibh an tIarla oíche amháin agus mharaigh siad é.

Tar éis a bháis bhí sé i gceist ag an Fhear Ionaid **na Gaeil ar fad a dhíbirt as tailte an Iarla** agus go dtabharfaí pobal nua ó Shasana chun an talamh a shaothrú. Tugadh cuireadh do dhaoine saibhre suas le 12,000 acra an duine a ghlacadh sa Mhumhan. Thabharfaidís gealltanais go bhfaighidís feirmeoirí chun dul a chónaí ann. Gheobhadh na Gealltóirí (*Undertakers*) saibhre sin cíos ó na feirmeoirí cé nach mbeadh orthu féin cíos a íoc go dtí 1590. Ag an am sin féin ní bheadh le híoc acu leis an Bhanríon ach níos lú ná leathphingin in aghaidh gach acra go ceann trí bliana.

Sir Walter Raleigh

Duine de na Gealltóirí ba ea **Sir Walter Raleigh**, taiscéalaí agus fiontraí cáiliúil. Tugadh talamh dó i gCo. Chorcaí agus i gCo. Phort Láirge ach bhí sé an-deacair air feirmeoirí a mhealladh go hÉirinn óna bhaile dúchais i Sasana. Deirtear gur thug Raleigh dhá phlanda nua go hÉirinn – an práta agus an tobac.

Bhí sé chomh deacair céanna do Ghealltóirí eile feirmeoirí a mhealladh go hÉirinn. Tháinig roinnt Gealltóirí anall agus líon beag feirmeoirí leo ach go minic b'éigean dóibh glacadh le hÉireannaigh. **D'éirigh le cuid mhór Éireannach a gcuid talaimh féin a fháil ar ais** toisc nár tháinig aon Ghealltóirí ag cuartú an talaimh nó toisc go raibh an Gealltóir sásta aon duine a fháil a dhéanfadh an obair.

TRIOBLÓID i gCÚIGE ULADH

Cogadh Naoi mBliana

Chuir sé olc ar na taoisigh i gCúige Uladh go mbeadh oifigigh Shasanaigh ag teacht isteach agus ag tabhairt orduithe dóibh. Sa bhliain 1593, thosaigh Aodh Ó Domhnaill, Aodh Ó Néill agus taoisigh Ghaelacha eile ag ionsaí na ndaingean a bhí á dtógáil ag na Sasanaigh i gCúige Uladh. Troideadh **Cath Chluain Tiobraid** sa bhliain 1595 agus d'éirigh le Ó Néill fórsaí na Sasana a chur faoi chois. Faoi dheireadh na bliana 1595 ní raibh ach dhá dhaingean fágtha agus ní raibh aon teagmháil ag na saighdiúirí a bhí iontu le Baile Átha Cliath.

Cath an Átha Buí (*Battle of the Yellow Ford*)

Réitigh Ó Néill **arm éifeachtach** ag súil le hionsaí ar Chúige Uladh. Nuair a tháinig arm láidir 5,000 fear isteach go Cúige Uladh sa bhliain 1598 bhí sé réidh. Bhí na Sasanaigh ag déanamh ar an daingean in Ard Mhacha agus d'ionsaigh

Ó Néill iad agus fuair sé an bua orthu go furasta. Bhí Cúige Uladh **saor ó smacht na nGall** ar feadh tamaillín.

Faoin bhliain 1599 bhí an chuma air go raibh teipthe ar gach iarracht ríoga chun smacht a chur ar Éirinn, dlí Shasana a leathnú agus plandálacha a chur i bhfeidhm. D'ordaigh an Bhanríon Eilís go gcuirfí arm sár-oilte le chéile faoin **Iarla Essex**. Aisteach go leor chuaigh sé ó dheas go dtí Laois-Uíbh Fhailí agus go dtí an Mhumhain ach is beag a chuir sé i gcrích. Nuair a chuaigh sé ó thuaidh go Cúige Uladh d'éirigh le hAodh Ó Néill cur ina luí ar Essex nach raibh sé ach ag iarraidh síochána. Ghlac Essex leis seo ach bhí Eilís ar buile leis agus briseadh as a phost é.

Bhí Aodh Ó Néill gan sárú agus bhí an chuma ar an scéal nach dtiocfadh é a chloí. Mháirseáil Ó Néill trí lár na tíre agus isteach sa Mhumhain le cinntiú go raibh na taoisigh áitiúla uilig ar a thaobh. Chuir Eilís saighdiúir crua darbh ainm **Mountjoy** i gceannas ar an arm in Éirinn. Ordaíodh dó Ó Néill agus taoisigh eile Uladh a scriosadh agus an Mhumhain a fháil ar ais. Faoi shamhradh na bliana 1601 bhí seasamh Uí Néill iontach lag agus ní raibh sé ábalta déileáil le Mountjoy.

Cath Chionn tSáile

Tháinig cuidiú ón Spáinn – fórsa 4,000 fear, armlón agus canónacha ach bhí an cuidiú seo ag teacht i dtír i gCionn tSáile sa taobh mícheart den tír. Bheartaigh Ó Néill agus Ó Domhnaill go mbeadh orthu gluaiseacht ó dheas chun teacht i gcabhair ar na Spáinnigh. Thimpeallaigh

siad Mountjoy a bhí ag timpeallú na Spáinneach. D'ionsaigh Mountjoy na Gaeil Oíche Nollag 1601 agus **bhí an cath thart gan mhoill** mar:

- Bhí na Gaeil traochta ag an siúl fada geimhridh
- ní raibh aon eolas acu ar an cheantar
- níor éirigh leo aon chomhphlean a oibriú amach leis na Spáinnigh sular ionsaíodh iad.

D'éirigh le Ó Néill agus le Ó Domhnaill fillleadh ach bheartaigh mórán de thaoisigh Uladh gurbh fhearr dóibh glacadh le dlí Shasana agus **thréig siad Ó Néill**. Chuaigh Ó Domhnaill go dtí an Spáinn ag lorg tuilleadh cuidiú ach fuair sé bás ansin. Go luath sa bhliain 1603 lorg Ó Néill féin téarmaí síochána ar Mhountjoy.

Chuir sé iontas air go bhfuair sé **téarmaí síochána fiala**:

- bhí cead aige a theideal agus a thailte mar Iarla Thír Eoghain a choimeád
- níor gearradh aon phionós air.
- Bheadh air glacadh le dlí Shasana
- Bheadh air glacadh le hoifigigh Shasanacha i gCúige Uladh

Teitheadh na nIarlaí

Mar sin féin lean oifigigh ríoga ag cur isteach ar Ó Néill agus ar na taoisigh eile. D'éirigh siad tinn de seo agus bheartaigh siad ar Éirinn a fhágáil. I mí Mheán Fómhair 1607 sheol timpeall 100 duine ar fad ó Loch Súilí chun na Fraince.

Teitheadh na nIarlaí



PLANDÁIL ULADH

CEIST SCRÚDAITHE – PEARSANA SA STAIR

Lonnaitheoir/Plandóir a fuair talamh i gceann de na plandálacha in Éirinn sa 16ú hAois nó sa 17ú hAois

Úinéir talún a chaill talamh i bplandáil in Éirinn a ainmníonn tú

Toisc gur fhág géillsinigh (*subjects*) Rí Séamas (bhí Eilís marbh) Éire gan a chead, bheartaigh oifigigh ríoga gur cheannaircigh iad agus dúradh gur leis an rí a dtailte ansin. Tomhaiseadh (*was measured*) formhór Chúige Uladh, rinneadh mapaí de agus glacadh cuntas ar cér leis cén talamh, go hoifigiúil. Ansin d'ullmhaigh siad scéim phlandála, bunaithe i bpáirt ar ar fhoghlaim siad ó Phlandáil na Mumhan. Bhí beagnach **4 mhilliún acra** réidh le plandáil.

Bhí **trí chineál plandóirí** ann de réir rialacha na Plandála.

- Ba dhaoine uaisle ó Shasana agus ó Albain iad na Gealltóirí agus fuair

siad eastáit 2,000 acra, 1,500 acra nó 1,000 acra ar cíos íseal. Ní raibh cead acu talamh a ligean ar cíos le tionóntaí ó Éirinn.

- Ba shaighdiúirí nó oifigigh i seirbhís an rí iad na Seirbheoirí (*Servitors*). Fuair siadsan eastát 1,000 acra ar cíos £8. Bhí cead acu glacadh le Gaeil ina dtionóntaí.
- Tugadh roinnt bheag talún d'uaisle ó Éirinn a bhí dílis don rí. Aistríodh iad go talamh in aice le Seirbheoirí ó Shasana, dream a mbeadh ábalta súil a choinneáil orthu.

Bhí Gealltóirí i gceist arís ach ní úinéirí saibhre amháin a bhí iontu sa chás seo

ach fir ghnó shaibhre agus grúpaí ó chathracha Sasanacha chomh maith. Fuair grúpa acu siúd ó Londain an ceantar thart fá Dhoire agus tugadh an t-ainm nua Londonderry ar an chathair. Tháinig bunús na bplandálaithe ó Albain, ba le **lucht leanúna John Knox** cuid mhaith acu. Bhí taithí acu ar an sort céanna taobh tíre agus cheannaigh siad talamh i gCúige Uladh nó thóg siad ar cíos é toisc é a bheith níos saoire ná an talamh thall in Albain.

Níor ghlac na coilínigh nua seilbh iomlán ar chodanna de Chúige Uladh agus d'fhan siad siúd i seilbh na n-úinéirí Éireannacha. Bhí cuid de na Gaeil a ruaigeadh dá dtalamh a chuaigh suas sna sléibhte agus d'fhan siad go dtiocfadh an deis é a fháil ar ais. Níor tharla seo go dtí an chéad ghlúin eile.

B'éigean do na Gealltóirí agus do an Seirbheoirí **clós cosantach nó bábhún nó teach cloiche nó caisleán a thógáil** chun iad féin a choinneáil sábháilte ar ionsaithe na nGael, an dream ar thóg siad a gcuid tailte uathu. Bheadh **dídean ó ionsaí** ag an phlandóir, ag a mhuintir, ag a chuid tionóntaí agus a chuid ainmhithe istigh sa bhábhún. Níor mheall an rialtas go leor Gealltóirí go Cúige Uladh agus sin an fáth ar chuir an rí dualgas ar **cheardchuallachtaí** (*guilds*) Londain páirt a ghlacadh sa phlandáil – gaibhneoirí óir agus ceannaithe éadaigh ab ea iad sin. Tugadh Co. Dhoire dóibh.

Bhí cuid de na Gealltóirí ag ligean talún ar cíos le tionóntaí ó Éirinn agus ag fostú oibrithe ó Éirinn. Níor mhiste le tionóntaí ó Éirinn cíosanna níos mó a íoc ná mar a d'íoc feirmeoirí ó Shasana agus ó Albain. Bhí **saol garbh dainséarach** ag na coilínigh nua. B'íomaí ionsaí a rinne na Gaeil ar na coilínigh. Nuair a chuaigh siad ag taisteal bhí an baol ann go robálfaí iad nó go marófaí iad.

Chónaigh bunús na gcoilíneach i sráidbhailte beaga iargúlta thart ar theach an phlandóra agus sa bhábhún cosantach ann.

Na Bailte Móra

Ní raibh mórán bailte móra i gCúige Uladh go dtí sin. D'amharc na Sasanaigh ar na bailte mar ionaid smachta. Cuid den phlean le Cúige Uladh a phlandáil ba ea bailte nua a thógáil. **Leagan amach an-simplí** a bhí ar phlean an bhaile plandála. Cearnóg sa lár, áit a mbeadh na foirgnimh thábhachtacha, cuir i gcás an teampall agus Halla an Bhaile.

Bhí ceithre shráid dronuilleogach le chéile a bheadh ag dul amach as an chearnóg agus bhí ballaí arda thart ar bhunús na mbailte. D'éirigh na bailte **tábhachtach** mar is iontu a bhíodh na margai, na haontaí agus cásanna cúirte. Bhronn an rí cairt (*charter*) ar na bailte nua i gCúige Uladh chun comhairle a chur ar bun chun iad féin a rialú.

Torthaí Phlandáil Uladh

- I seilbh plandálaithe a bhí an chuid ba mhó de scoth na talún
- Thug siad Béarla agus nósanna Shasana go Cúige Uladh
- Modh nua maireachtála ag muintir na hAlbain –obair chrua agus dul chun cinn
- Athrú creidimh – níos mó coilínigh Phrotastúnacha ná Gaeil Chaitliceacha
- Deighilt mhór idir reiligiúin éagsúla

PLANDÁIL CHROMAIL

Bheartaigh ceannairí Protastúnacha i Sasana ar dhíoltas a bhaint amach mar rinneadh ár (*slaughter*) ar a lán Protastúnach i gCúige Uladh i rith Éirí Amach na bliana 1641. Fuair siad a seans nuair a tháinig ceannaire nua ó

Shasana go hÉirinn sa bhliain 1649. Mháirseáil **Oilibhéar Cromail** go Droichead Átha agus rinne sé ár ar mhuintir an bhaile sin. Chuir scéal Dhroichead Átha eagla ar dhaoine ar fud na tíre agus ba ghairid gur ghéill siad uilig d'arm Chromail.

Ba Phiúratánach é Cromail a ndúradh faoi gur ghinearál sárchliste ach míthrócaireach é a raibh **an dearg-ghráin aige ar Chaitlicigh**. Rinne sé iarracht ar an chreideamh Caitliceach in Éirinn a scriosadh agus chuir sé lear mór sagart chun báis

Faoi earrach na bliana 1650 bhí an tír go léir faoi smacht Chromail. Bhí a arm gan díol, áfach, agus bhí airgead ag dul dóibh siúd a thug iasachtaí móra airgid chun díoltas a bhaint amach ar Chaitlicigh in Éirinn a d'ionsaigh Protastúnaigh sa bhliain 1641. Shocraigh Cromail ar thailte a thabhairt do Shasanaigh a thacaigh leis an Pharlaimint agus do shaighdiúirí a throid



Oilibhéar Cromail

ar a shon sa Chogadh Cathartha (*Civil War*).

Sir William Petty agus an Down Survey

Ní thiocfadh le Cromail an talamh a bhronnadh gan cuntas éigin a choinneáil ar cén talamh a tugadh agus cé dó ar tugadh é. Ba é an deacracht mhór a bhí aige ná nach raibh mapaí cruinne d'Éirinn ann agus nach raibh a fhios aige cén talamh a bhí fós i seilbh na gCaitliceach. Dá bharr sin, d'ordaigh Cromail, i Meitheamh na bliana 1653, go ndéanfaí liosta iomlán de thalamh agus de thithe na hÉireann agus go ndéanfaí mapaí maithe a léireadh cé leis iad uilig. Rinne **Sir William Petty** an mhapáil agus an liostú iontach gasta i samhradh na bliana 1653 agus an **Down Survey** a tugadh ar a chuid oibre.

Bhí an chuid ba mhó de Chúige Mumhan, de Chúige Laighean agus de Chúige Chonnacht le gabháil ag Rialtas Chromail fá choinne plandála. Na daoine uilig a cuireadh amach as a gcuid talún, ordaíodh dóibh a bheith taobh thiar den tSionainn faoi Bhealtaine 1654. Chaill daoine a raibh baint ag a muintir le héirí amach 1641 a gcuid tailte uilig faoi **Acht an tSocraithe** (*Act of Settlement*).

Go hifreann nó go Connachta, a dúirt Cromail leis na húinéirí talún a bhí le haistriú. Fágadh na gnáthfheirmeoirí agus na gnáthoibrithe ar an talamh le hoibriú faoi na tiarnaí nua talún ó Shasana. Is iomaí saighdiúir de na coilínigh a phós Caitliceach mná agus tháinig **laghdú mór ar an mhéid talún a bhí ag na Caitlicigh** – úinéireacht anuas ó 90% go dtí 15% taobh istigh de chéad bliain.